an comhshaol, an tsochaí agus an geilleagar

—

5 Coinbhleachtaí agus dúshláin comhshaoil

5 Coinbhleachtaí agus dúshláin comhshaoil

Aidhm: Staidéar a dhéanamh ar nádúr na gcoinbhleachtaí agus na ndúshlán comhshaoil ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

RÁITEAS SIOLLABAIS

Roghaonad 4.5 – Tionchar ar an gComhshaol

Ba cheart go ndéanfadh daltaí staidéar ar na nithe seo a leanas:

- coinbhleachtaí a d'fhéadfadh éirí idir leasanna geilleagracha áitiúla is domhanda agus leasanna comhshaoil
- ba cheart go mbeadh daltaí ar an eolas faoi na saincheisteanna a bhaineann le dhá shampla ar a laghad.

TORTHAÍ

Nuair a bheidh an t-aonad seo críochnaithe acu, ba cheart go mbeadh daltaí in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- tuiscint níos fearr a bheith acu ar nádúr na coinbhleachta comhshaoil
- na croícheisteanna a shainaithint i dtrí cinn de chás-staidéir: Gléasra athphróiseála núicléiche Sellafield, orgánaigh atá modhnaithe go géiniteach agus truailliú uisce
- meastóireacht a dhéanamh ar na coinbhleachtaí seo ag tagairt do choincheap na forbartha.

na físmhíreanna

1 **SELLAFIELD – TIONSCAL NÚICLÉACH NA BREATAINE**
As ECOEYE, sraith 2, clár 1 – 01:58:04

2 **ORGÁNAIGH ATÁ MODHNAITHE GO GÉINITEACH**
As ECOEYE, sraith 2, clár 5 – 02:03:38

3 **DRAMHUISCE FAOIN TUATH**
As ECOEYE, sraith 1, clár 3 – 02:10:00

4 **EOTRÓFÚ: LOCH CON, CO. MHAIGH EO**
As ECOEYE, sraith 2, clár 4 – 02:16:17

Sellafield – tionscal núicléach na Breataine

1 Rinne lucht an fheachtais fhrith-núicléach in Éirinn agóid i gcoinne gléasra núicléach a bhí beartaithe in Éirinn sna 1970í. Cá raibh sé beartaithe an gléasra a bheith lonnaithe?

2 Maíonn John Bowler ón Taisce go bhfuil an tionscal núicléach ag dul i léig san Eoraip. Cén fhianaise a chuireann sé ar fáil chun tacú leis an tuairim seo?

3 Cé mhéad gléasra núicléach atá sa Bhreatain?

4 Cén fáth a bhféachtar ar ghléasra Sellafield mar chontúirt chomh mór sin d'Éirinn?

5 Cén chaoi a n-éiríonn le dramhaíl ísealghráid ó ghléasra Sellafield a bhealach a dhéanamh isteach i Muir Éireann?

6 Cé mhéad plútóiniam a stóráiltear ag gléasra Sellafield?

7 Dar le hAdi Roach ón Chernobyl Children's Trust, cén tionchar a bhí ag an timpiste i Searnóbail i 1986 ar an mBealarúis?

8 Cén fáth, dar le David Pollard ón Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR) a bhfuil imní faoi leith ar an Institiúid maidir le láithreán Sellafield?

9 Cén fáth ar cuireadh siar na pleananna a bhí ag British Nuclear Fuels Ltd méadú a chur le láithreán Sellafield?

10 Cén duine den fheachtas frithnúicléach a bhí ag dáileadh cártaí poist chuig Uimh. 10 Sráid Downing?

Orgánaigh atá modhnaithe go géiniteach

1 Go traidisiúnta, cén chaoi a ndearnadh dul chun cinn maidir le cáilíocht agus maidir le táirgiúlacht bhairr agus ainmhithe feirme?

2 Ó fhianaise an 'vox pop' san fhíseán, an gceapfá go bhfuil mórán cur amach ag muintir na hÉireann ar OMGanna?

3 Céard é OMG?

4 Céard iad na príomhchontúirtí /na príomhchúiseanna imní maidir le OMGanna a ndéantar cur síos orthu san fhíseán?

5 Céard iad príomhbhuntáistí na OMGanna mar a dhéantar cur síos orthu san fhíseán?

6 Ó 1991, cé mhéad bia MG a ceadaíodh san Aontas Eorpach?

7 Tabhair dhá shampla de bhia MG in úsáid.

(i)

(ii)

8 Cén bunús atá le rialacháin na GCC maidir le húsáid OMGanna in Éirinn?

9 Cé na heagraíochtaí atá ag stocaireacht chun go mbeidh bia MG á tháirgeadh agus á úsáid ar bhonn níos forleithne san Aontas Eorpach?

10 Déan plé ar an bhfáth, dar leat, a bhfuil an oiread conspóide faoi úsáid OMGanna mura bhfuil fianaise eolaíoch ar bith ann, mar a deirtear san fhíseán, ar an dochar a dhéanann OMGanna do dhaoine.

Dramhuisce faoin tuath

1 Céard atá i gceist le sraoilleáil thuaithe?

2 Dar leis an scéalaí, cén céatadán de thithe nua ar teaghaisí tuaithe scoite iad?

3 I 2000 tógadh 18,000 teach nua i gceantair tuaithe in Éirinn. Cé mhéad teach nua a tógadh sa Ríocht Aontaithe i gcaitheamh na tréimhse céanna?

4 Ainmnigh dhá chúis imní comhshaoil a bheadh ann faoin méadú atá tagtha ar líon na dtithe faoin tuath.

5 Cé mhéad dabhach séarachais atá ann faoin tuath in Éirinn?

6 Cén chaoi a n-oibríonn dabhcha séarachais?

7 Ainmnigh dhá fhadhb is féidir a bheith ann le dabhcha séarachais.

(i)

(ii)

8 Faigheann tuairim agus 150,000 teach uisce ó ghrúpscéimeanna uisce. Cé mhéad acu seo atá éillithe?

9 Céard atá i gceist le 'bogach tógtha'?

10 Céard atá ar siúl ag an Roinn Comhshaoil faoi fhadhb an dramhuisce faoin tuath?

Eotrófú – Loch Con, Co. Mhaigh Eo

1 Cén speiceas éisc nach féidir a mharú níos mó i Loch Con, Co. Mhaigh Eo?

2 Cé na hathruithe eile a chonaic muintir na háite i Loch Con?

3 Céard atá i gceist le heotrófú?

4 Cén chaoi a ndeachaigh an meath ar cháilíocht an uisce i Loch Con i bhfeidhm ar an turasóireacht?

5 Cé a bhí ar Thascfhórsa Loch Con?

6 Cé na foinsí truaillithe ba chúis le huainiú Loch Con?

7. Cérbh é, a fuarthas amach, an rud ba mhó ba chúis leis an eotrófú i Loch Con?

8 Céard dó a seasann na ceannlitreacha SCCT (REPS)?

9 Cé chomh dona agus atá staid cháilíocht an uisce i Loch Con anois?

NÁDÚR NA gCOINBHLEACHTAÍ COMHSHAOIL

—

faisnéis agus obair i ngrúpaí

FAISNÉIS CHÚLRA

—

San aonad seo, bhreathnaigh na daltaí ar fhísmhíreanna maidir le trí réimse conspóide faoin gcomhshaol:

- gléasra athphróiseála Sellafield agus tionscal núicléach na Breataine
- orgánaigh atá modhnaithe go géiniteach (OMGanna)
- truailliú screamhuiscí agus uiscí dromchla na hÉireann.

Tá trácht ar roinnt conspóidí comhshaoil síos tríd an bpacáiste seo: coinbhleachtaí maidir le lonnú láithreán líonta talún, maidir leis an loscadh agus maidir le dó breoslaí iontaise chun fuinneamh a ghiniúint, agus conspóidí maidir le cúrsaí iompair.

Tugtar léargas áirithe sa bhileog faisnéise cúlra 1 do dhaltaí ar nádúr na gcoinbhleachtaí comhshaoil agus ba cheart go gcabhródh sé seo agus staidéar á dhéanamh ar na coinbhleachtaí a liostáiltear thuas.

CREAT DON STAIDÉAR AR CHOINBHLEACHTAÍ COMHSHAOIL

—

Mínigh do dhaltaí gur cheart go n-áireodh an staidéar ar choinbhleachtaí comhshaoil na nithe seo a leanas:

1. taighde a dhéanamh ar na dearcaí éagsúla atá ann agus na mínithe éagsúla is féidir a thabhairt maidir leis an gcoinbhleacht chomhshaoil
2. meastóireacht a dhéanamh ar an gcoinbhleacht/ar an gconspóid ag tagairt do choincheap na forbartha inbhuanaithe, .i. a mhéid a dhéanann an iomaí cur chuige i leith na gcoinbhleachtaí comhshaoil freastal ar riachtanais an lae inniu gan dochar do chumas na nglúnta atá romhainn a gcuid riachtanas féin a shásamh.

ÍOMHÁNNA AGUS SLUÁIN

forbhreathnú ar thrí choinbhleacht

OBAIR I nGRÚPAÍ

—

Roinn na daltaí ina sé ghrúpa agus, maidir le trí cinn de chonspóidí, déan dearcthaí éagsúla atá in aghaidh a chéile a dháileadh go randamach ar na grúpaí, .i. i bhfabhar ghléasra athphróiseála Sellafield /an tionscail núicléach nó in gcoinne ghléasra athphróiseála Sellafield /an tionscail núicléach.

Iarr ar gach grúpa na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. liosta a dhéanamh d'argóintí don seasamh a tugadh dóibh maidir leis an gcoinbhleacht
2. póstaer a dhearadh a bhfuil sluáin air bunaithe ar na hargóintí is láidre
3. an póstaer agus na sluáin a chur i láthair an ranga.

NÁDÚR NA gCOINBHLEACHTAÍ COMHSHAOIL

—

faisnéis chúlra

FADHBANNA INRÉIMNEACHA AGUS FADHBANNA EISRÉIMNEACHA

—

Déanann E.F Schumacher, ina leabhar, A Guide for the Perplexed, cur síos ar dheighilt is fiú a dhéanamh nuair a bhítear ag déileáil le ceisteanna conspóideacha i gcoitinne. Is í seo an deighilt idir fadhbanna inréimneacha agus fadhbanna eisréimneacha.

Fadhbanna inréimneacha
Bíonn aontú i gceist anseo maidir le nádúr na faidhbe agus maidir leis na spriocanna atá le baint amach, agus glactar leis gur féidir ceisteanna a phlé agus a réiteach go ciallmhar.

Fadhbanna eisréimneacha
Anseo, bíonn braistintí éagúla ag daoine faoin bhfadhb agus ní hionann na luachanna ná na tuairimí atá daoine maidir leo. Ní bhíonn aon aontú maidir le spriocanna agus is deacair plé ciallmhar a dhéanamh nó teacht go ciallmhar ar réitigh.

Bíonn fadhbanna inréimneacha agus fadhbanna eisréimneacha i gceist le coibhleachtaí comhshaoil. Sa trí chás-staidéar a bhí againn, fadhb inréimneach a bhí i gcosaint an uisce ghlan ach fós, bhí sé fíordheacair an fhadhb an réiteach. D'fhéadfaí a rá, maidir leis na cás-staidéir eile, an chumhacht núicléach agus an modhnú géiniteach, gur fadhbanna eisréimneacha a bhí i gceist.

AN RUD CEART AGUS AN RUD ÁLAINN

—

Bhí an méid seo le rá ag J. Lichatowich, bitheolaí iascaigh agus scríbhneoir caomhnaithe, maidir le coinbhleachtaí comhshaoil:

> **Creidimse gur féidir formhór na ndíospóireachtaí comhshaoil a roinnt ina dhá gceist, an rud ceart – na dualgais mhorálta atá orainn bainistiú a dhéanamh ar acmhainní ionas go mbainfear úsáid tháirgiúil inniu astu agus ar mhaithe leis an diongbháilteacht chun go ndéanfar leas na nglúinte a thiocfaidh inár ndiaidh; agus an rud álainn – áilleacht na héagsúlachta éiceolaíche a choimeád, lena n-áirítear cumas an duine luach saothair a bhaint as an éagsúlacht sin … Is deacair réiteach a fháil ar choinbhleachtaí comhshaoil a eascraíonn as luachanna atá in aghaidh a chéile mar is minic nach féidir teacht ar chomhréiteach ar bhealach éasca ná ar bhealach sásúil.**
>
> J. Lichatowich, Sherkin Comment, 1990

SELLAFIELD AGUS TIONSCAL NÚICLÉACH NA BREATAINE

—

faisnéis chúlra

CÚLRA

—

Cuir tús le plé ar an bhfísmhír maidir le gléasra athphróiseála Sellafield trí na ceisteanna seo a leanas a chur ar na daltaí.

1. An bhfuil tú sásta go ndearnadh an choinbhleacht seo a chur i láthar go cothrom?
2. Cé na dearcthaí ba cheart a áireamh sa chlár chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcoinbhleacht?

I gcomhthéacs an phlé, ba cheart na pointí seo a leanas a dhéanamh:

- tá leibhéil éagsúla i gceist leis an gcoinbhleacht
- tá coinbhleacht idir British Nuclear Fuels Ltd (BNFL) agus saoránaigh in Éirinn agus sa Bhreatain, agus eagraíochtaí éagsúla comhshaoil (m.sh. Greenpeace, An Taisce, CND)
- tá coinbhleacht freisin ar an leibhéal idirnáisiúnta idir Éire agus an Bhreatain ó tá dúnadh ghléasra athphróiseála Sellafield mar Bheartas ag Rialtas na hÉireann ó 1986
- ar leibhéal AE is léir ón ráiteas seo a leanas, a d'éisigh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE (Eanáir-Meitheamh 2004) mar chuid dá Clár Comhshaoil, cé chomh tábhachtach agus atá ceisteanna a bhaineann leis an tsábháilteacht núicléach:

AN tSÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH

Leanfaidh Uachtaránacht na hÉireann, tríd an gcomhchaint, ag féachaint le teacht ar chomhaontú, agus le comhaontú a fhorbairt maidir leis an bpacáiste núicléach, rud a áiríonn tograí do bhunú comhchaighdeán sábháilteachta do ghléasraí cumhachta núicléiche agus chun a chinntiú go ndéanfar an dramhaíl núicléach a iompar, a chóireáil agus a dhiúscairt go sábháilte. Cé go dtuigtear go maith gur gá solúbthacht a bheith ann chun freastal ar dhearcthaí éagsúla na mballstát ar an bpacáiste núicléach, is é a bheidh mar threoir ag Uachtaránacht na hÉireann, an gá atá lena chinntiú nach ndéanfar an tSábháilteacht Núicléach a chur i mbaol.

As Environment Bulletin Uimh. 58,
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil



OBAIR LÉARSCÁILE

Iarr ar na daltaí Sellafield a aimsiú in Cumbria ar chósta thiar Shasana, ag baint úsáide as a gcuid atlas. Míníonn an áit ina bhfuil sí tábhacht an ghléasra d'Éirinn.

TAIGHDE

Tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar na ceisteanna a bhaineann leis an radaíocht, mar sin ba cheart do na daltaí uile bileog eolais Uimh. 7 de chuid ENFO, Ionising radiation, a léamh, ar láithreán gréasáin ENFO (www.enfo.ie).

CUARDACH IDIRLÍN/LEABHARLAINNE

Ar son an rúin (.i. ar son Sellafield a dhúnadh) ba mhaith an rud tosaí le láithreáin ghréasáin CND agus Greenpeace in Éirinn chomh maith le láithreán na Roinne Gnóthaí Eachtracha. I gcoinne an rúin, ba cheart go bhfaighfí roinnt mhaith eolais ar láithreáin ghréasáin BNFL agus ar láithreán an Department of Energy sa Bhreatain.

Ba cheart don dá thaobh breathnú ar ábhar ó chomhlachtaí neamhspleácha, an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR) mar shampla, a bhfuil freagracht uirthi maidir le monatóireacht a dhéanamh ar an radaíocht i gcomhshaol na hÉireann.

DÍOSPÓIREACHT

Cuir i láthair an rún:

- **Ba cheart an Gléasra Núicléach atá ag an mBreatain ag Sellafield a dhúnadh, i gcomhréir le beartas Rialtas na hÉireann.**

MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR AN gCOINBHLEACHT

Tascanna aonair

I ndiaidh na díospóireachta, ba cheart do gach dalta meastóireacht a dhéanamh ar an gcoinbhleacht bunaithe ar an bhfíseán, ar an ngrúp-phlé, agus ar an bhfaisnéis a fuair an dalta ón taighde. Ba cheart teacht ar chonclúidí agus ba cheart breitheanna a dhéanamh ag tagairt do choincheap na forbartha inbhuanaithe.

ORGÁNAIGH ATÁ MODHNAITHE GO GÉINITEACH I mBIA

—

plé i ngrúpaí

Dáil bileog faisnéise cúlra ar an rang.

OMGanna A SHAINAITHINT

—

Iarr ar dhaltaí OMGanna i mbia nó táirgí atá díorthaithe as OMGanna a shainaithint ina dtithe féin.

PLÉ I nGRÚPAÍ

—

Tá deighilt shoiléir tuairimí maidir le OMGanna san fhísmhír.

1 Cuir tús leis an bplé trí na ráitis 'ar son an rúin' agus 'in aghaidh an rúin' (Bileog do Mhúinteoirí 2), a léamh amach, agus iarr ar na daltaí liosta a dhéanamh de na hargóintí de réir mar atá tú á dhéanamh seo.

2 Sa phlé a thagann as sin, iarr ar an daltaí na príomhchúiseanna imní a bheadh ann faoi OMGanna agus na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo a chur in ord tosaíochta.

CUARDACH IDIRLÍN

—

Ag baint úsáide as na liostaí de bhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag OMGanna agus de na cúiseanna imní a bheadh ag daoine, iarr ar na daltaí láithreáin ghréasáin faoi OMGanna a chuardach ar an idirlíon. Ba mhaith an rud tosaí leis na leathanaigh ar láithreán gréasáin na GCC a bhaineann leis na rialacháin ar OMGanna agus leis na Ceisteanna a chuirtear go minic (FAQ). Chun taighde a dhéanamh ar na cúiseanna imní atá ann faoi OMGanna, ba mhaith an rud breathnú ar láithreán gréasáin Greenpeace, agus tabharfaidh láithreáin ghréasáin cuideachtaí ar nós Monsanto dearcadh lucht tionscail.

MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR AN gCOINBHLEACHT

—

Tasc aonair

Iarr ar gach dalta meastóireacht a dhéanamh ar an gcoinbhleacht ag tagairt do choincheap na forbartha inbhuanaithe agus teacht ar chonclúidí bunaithe ar an meastóireacht sin.

ORGÁNAIGH ATÁ MODHNAITHE GO GÉINITEACH I mBIA

—

faisnéis chúlra

'ní lia duine ná tuairim'

AR SON Teicneolaíocht í seo atá ar an bhfód le 30 bliain anois. Níl oiread agus cás amháin ina ndearnadh dochar do dhuine, ná don chomhshaol. Is teicneolaíocht den scoth í. Tá buntáistí móra millteacha tagtha aisti cheana féin, ach fós tá imní ar an bpobal, go mór mór san Eoraip faoin teicneolaíocht seo.

An tOllamh David McConnell, Institiúid Géineolaíochta Smurfit, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

I gCOINNE Táimid ag déanamh idirphórú le spéicis nach raibh riamh ceaptha idirphórú a dhéanamh. Táimid ag déanamh neamhshuime den éabhlóid agus is éard ba cheart don domhan mór a rá 'mo náire'.

An Dr Elizabeth Cullen, Cumann Comhshaoil Dhochtúirí na hÉireann

AR SON Táimid ag cur isteach ar an nádúr ó tháinig an duine ar an domhan seo.

An Dr Jimmy Burke, Teagasc

I gCOINNE Níl a fhios againn beo cén dochar a thiocfaidh as bianna MG a ithe. Ní dhearnadh aon tástálacha ar dhaoine. Léirigh na tástálacha a rinneadh ar fhrancaigh agus ar luchain gur thiubhaigh líneáil na bputóg théis gan ach ceithre lá dhéag a chaitheamh ag ithe an bhia seo. Bheadh imní orainn freisin go bhféadfaí ailléirgí a theacht astu. Bheadh imní orainn go bhféadfaí friotaíocht ar antaibheathaigh dul chomh fada leis na baictéir sna putóga.

An Dr Elizabeth Cullen

AR SON Tugann an bhiteicneolaíocht nó an innealtóireacht ghéiniteach, ar nós gach uile chineál eolaíochta nua, go leor deiseanna dúinn rudaí a dhéanamh ar bhealach níos fearr ná mar a dhéanaimis fadó iad. Go mór mór i gcás modhanna feirmeoireachta inbhuanaithe, níos lú táirgí cosanta do phlandaí, bunfhriotaíocht ar lotnaidí agus ar ghalair agus ar ndóigh, don tomhaltóir, táirgí ar cháilíocht i bhfad níos airde, a mbeadh níos nó cothaithe ann agus a mhairfeadh níos faide. Is mór is fiú an méid sin, shílfeá!

An Dr Jimmy Burke

I gCOINNE Sampla é an Bia MG de leasanna corparáidí ag fáil an ceann is fearr ar leas shláinte an phobail.

An Dr Elizabeth Cullen

ORGÁNAIGH ATÁ MODHNAITHE GO GÉINITEACH I mBIA

—

faisnéis chúlra

COMHTHÉACS DON PHLÉ AR AN gCOINBHLEACHT

—

Sainmhíniú ar OMGanna:

Ar an leibhéal is simplí… is éard atá sa mhodhnú géiniteach, orgánaigh bheo a chlárú le haghaidh rudaí nua a dhéanamh. Is é an sainmhíniú a dhéantar ar orgánaigh atá modhnaithe go géiniteach, orgánaigh (baictéir, víorais, fungais, cealla plandaí agus cealla ainmhithe, plandaí agus ainmhithe) atá in ann macasamhlú a dhéanamh nó atá in ann ábhar géiniteach a chur trasna a bhfuil athrú déanta ar an ábhar géiniteach iontu ar bhealach nach dtarlaíonn go nádúrtha trí chúpláil nó trí athchuingriú nádúrtha.

Láithreán gréasáin na GCC website (www.epa.ie)

An rud nua iad na OMGanna?

Is minic a bhíonn trácht sna nuachtáin ar tháirgí bia atá díortaithe as OMGanna, baictéir agus gabháil nó giosta mar shampla, ach tá OMGanna á n-úsáid chun earraí éagsúla, iógart, cáis agus vacsaíní áirithe a dheánamh ó 1982. Chomh maith leis seo, tá an teicneolaíocht seo atá ina tús, dáiríre (an bhiteicneolaíocht), agus atá bunaithe ar airíonna micrea-orgánach, ag cothú réabhlóide i dtionscal na cógaisíochta, m.sh. le táirgeadh insline agus an druga interferon in aghaidh na hailse.

Tuarascáil an phainéil a bhí i mbun cathaoirleachta ar an díospóireacht náisiúnta comhchomhairleachta ar OMGanna agus an comhshaol, lch.3

An bhfuil barra MG á bhfás in áiteanna eile?

Faoi láthair tá 70,000,000 acra de bharra atá modhnaithe go géiniteach curtha sna SA, i gCeanada, san Airgintín, agus 56,000 acra curtha san Eoraip.

Tuarascáil an phainéil a bhí i mbun cathaoirleachta ar an díospóireacht náisiúnta comhchomhairleachta ar OMGanna agus an comhshaol, lch.3

Cé atá freagrach as OMGanna a rialú in Ireland?

An GCC, faoi stiúir treoracha ón AE agus an Creat AE um an Nua-Bhiteicneolaíocht

TRUAILLIÚ SCREAMHUISCE AGUS UISCE DROMCHLA AGUS AN DÚSHLÁN UISCÍ A CHOINNEÁIL GLAN

PLÉ I NGRÚPAÍ

Cuir tús le plé i ngrúpaí ag easairt as an bhfísmhír seo agus as na ráitis seo a leanas:

> **Léiríonn staidéar ar cháilíocht aibhneacha na hÉireann le 20-25 bliain anuas go bhfuil na haibhneacha is airde cáilíocht á gcailleadh cheana féin againn.**
>
> Martin McGarrigle,
> Oifigeach Eolaíochtaí Sinsearach, GCC,
> Sherkin Comment, 2003

> **...de réir mar a thagann méadú ar an méid fosfáite a dhéanann a bealach isteach inár gcuid uiscí, tagann laghdú ar líon na n-aibhneacha agus ar líon na lochanna a bhfuil uisce fíorghlan iontu. Ach ar ndóigh, beidh orainne fanacht go dtí nach mbeidh fágtha ach an chruimh eireaballach agus an phéisteog dhearg sula ndéanfaimid rud éigin faoi.**
>
> Éanna Ní Lamhna,
> Talking wild, 2002, lch. 148

Iarr ar na daltaí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. liosta a dhéanamh de na foinsí truaillithe uisce ina gceantar féin
2. scrúdú a dhéanamh ar chóireáil an dramhuisce ina gceantar féin.

OBAIR LÉARSCÁILE

Iarr ar na daltaí scrúdú a dhéanamh ar an léarscáil Shuirbhéireachta Ordanáis 1:50,000 don limistéir áitiúil. Iarr orthu liosta a dhéanamh de na haibhneacha agus de na locha sa cheantar ag tabhairt na bpatrún lonnaíochta timpeall orthu faoi deara, ag tabhairt tagairtí eangaí do gach lonnaíocht agus ag déanamh cur síos ar shuíomh gach lonnaíochta. Ba cheart dóibh freisin na patrúin lonnaíochta faoi tuath agus méid na lonnaíochta faoi tuath a thabhairt faoi deara.

CUARDACH IDIRLÍN/LEABHARLAINNE

Iarr ar na daltaí Ireland's Environment 2004 ón GCC a léamh, ina dtugtar forléamh fíormhaith ar cheisteanna cáilíochta uisce. Gheofar eolas níos suas chun dáta ar láithreán gréasáin na GCC (www.epa.ie).

OBAIR I nGRÚPAÍ

Roinn an rang ina ghrúpaí agus iarr ar gach grúpa scrúdú a dhéanamh ar an liosta leasanna agus grúpaí thíos.

- **Daoine a chónaíonn faoin tuath**
- **Daoine a chónaíonn sa chathair**
- **Leasanna turasóireachta**
- **Leasanna iascaireachta**
- **Leasanna feirmeoirachta**
- **Leasanna tionscail áitiúil**

Freagraíodh daltaí na ceisteanna seo a leanas:

1. cén bhaint atá ag cleachtais na leasanna/na ngrúpaí éagsúla leis an truailliú uisce?
2. céard a d'fhéadfaí a dhéanamh chun cuid den dochar a bhaint de thionchar an leasa/an ghrúpa agus iad ag úsáid uisce?

Ba cheart do gach grúpa tuairisc a dhéanamh don rang maidir leis na torthaí a fhaigheann sé agus maidir le tuairimí.

AOICHAINTEOIR

Tá sé de chúram ar an údarás áitiúil cáilíocht an uisce ina cheantar a chosaint agus a bhainistiú. B'fhéidir go bhféadfá cuireadh a thabhairt d'urlabhraí ón údarás áitiúil teacht chuig an rang chun plé a dhéanamh ar fhadhbanna, ar cheisteanna agus ar fhaisnéis a tarraingíodh anuas i rith thaighde agus phlé an ranga.

MEASTÓIREACHT

Tasc aonair

Ba cheart do gach dalta na nithe seo a leanas a scríobh síos:

1. liosta de na príomhcheisteanna agus de na príomhchoinbhleachtaí a tháinig as an taighde a rinne siad
2. cur síos ar an bhfaisnéis a fuair siad ón gcruinniú leis an urlabhraí ón údarás áitiúil
3. meastóireacht ar na dúshláin atá ann mar gheall ar thruailliú an uisce sa limistéar áitiúil, i dtéarmaí choincheap na forbartha inbhuanaithe
4. moltaí don todhchaí.

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil